An Coimisiún um Chosaint Sonraí
Data Protection Commission

# Treoirnóta:

## Taifid ar ghníomhaíochtaí próiseála faoi airteagal 30 GDPR

**Aibreán 2023**

# Clár Ábhar


Réamhrá .................... 3

Airteagal 30 - Cad a cheanglaítear? .................... 4

- Airteagal 30(1) .................... **Error! Bookmark not defined.**
- Airteagal 30(2) .................... 6
- Airteagal 30(3) .................... 6
- Airteagal 30(4) .................... 6

Díolúintí ó cheanglais Airteagal 30: Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide .................... 6

Taifead ar Ghníomhaíochtaí Próiseála: 'Na Nithe atá le Déanamh' agus 'Na Nithe atá le Seachaint' .................... 7

'Na Nithe atá le Déanamh' ag Eagraíochtaí .................... 7

Miondealaigh an Taifead ar Ghníomhaíochtaí Próiseála de réir na bhfeidhmeanna difriúla atá ann laistigh den eagraíocht .................... 7

Bain úsáid as an Taifead ar Ghníomhaíochtaí Próiseála mar uirlis chun comhlíonadh phrionsabal na Cuntasachta, mar atá leagtha amach in Airteagal 5 GDPR, a léiriú .................... 9

Cuir faisnéis iomchuí bhreise ar áireamh sa Taifead, de réir mar is cuí .................... 9

Gnóthaigh tacaíocht ar fud na heagraíochta .................... 10

Coimeád doiciméad beo .................... 11

'Na Nithe atá le Seachaint' ag Eagraíochtaí .................... 11

Ná mainnigh an Taifead ar Ghníomhaíochtaí Próiseála a thabhairt cothrom le dáta .................... 11

Ná mainnigh dóthain mionsonraí agus gráinneachta a sholáthar .................... 12

Ná coimeád Taifead ar Ghníomhaíochtaí Próiseála nach bhfuil féinmhínitheach .................... 13

Taifid ar Ghníomhaíochtaí Próiseála le haghaidh Eagraíochtaí Beaga .................... 15

Samplaí de Thaifid ar Ghníomhaíochtaí Próiseála .................... 16

## Réamhrá

Ceanglaítear le hAirteagal 30 den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (**GDPR**) go gcoimeádfadh Rialaitheoirí Sonraí Taifead ar Ghníomhaíochtaí Próiseála (**Taifead**) atá faoina gcúram. Ceanglaítear le GDPR freisin go gcoimeádfadh Próiseálaithe Sonraí taifead ar na catagóirí gníomhaíochtaí próiseála uile a dhéantar thar ceann gach Rialaitheora Sonraí lena n-oibríonn siad. Le hAirteagal 30 GDPR, forordaítear an fhaisnéis nach mór a bheith sna taifid agus luaitear nach mór do rialaitheoirí agus do phróiseálaithe bheith in ann taifid den sórt sin a sholáthar don Choimisiún um Chosaint Sonraí (**an Coimisiún**) arna iarraidh sin. Mar bheart chun comhlíonadh a léiriú, tá Taifid ar Ghníomhaíochtaí Próiseála ar cheann amháin de na modhanna trína ndéanann Rialaitheoirí Sonraí prionsabal na cuntasachta, mar atá leagtha amach in Airteagal 5(2) GDPR, a léiriú agus a chur chun feidhme. Trí Thaifead dea-dhréachtaithe a sholáthar, léireofar don Choimisiún go bhfuil Rialaitheoir Sonraí eolach ar na gníomhaíochtaí próiseála uile atá ar bun laistigh den eagraíocht agus go ndearna sé breithniú ar chríocha na próiseála sin. Ba cheart a léiriú sa Taifead freisin go ndearna an Rialaitheoir Sonraí breithniú ar na himpleachtaí a bhaineann leis na sonraí pearsanta a phróiseáil, ar na sonraí pearsanta sonracha teoranta a theastaíonn do gach gníomhaíocht, agus ar na socruithe le haghaidh slándáil agus coinneáil na sonraí pearsanta atá le próiseáil a bhainistiú.

Trí reachtaíocht eile um Thaifid ar Ghníomhaíochtaí Próiseála, ceanglaítear le hAirteagal 24 den Treoir maidir le Cosaint Sonraí i réimse Fhorfheidhmiú an Dlí agus le halt 81 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018, freisin go gcoimeádfaí taifid ar na gníomhaíochtaí próiseála a dhéantar faoin Treoir maidir le Cosaint Sonraí i réimse Fhorfheidhmiú an Dlí agus forordaítear leo an fhaisnéis shonrach nach mór a bheith i dtaifid den sórt sin.

Mionsonraítear in Airteagal 57 GDPR na 'cúraimí' atá le comhlíonadh ag an gCoimisiún i ndáil le GDPR. Áirítear leis na cúraimí sin feasacht ar na hoibleagáidí atá orthu a chur chun cinn i measc rialaitheoirí sonraí agus próiseálaithe sonraí. Cuirtear de chúram ar an gCoimisiún faireachán agus forfheidhmiú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm GDPR freisin. Ba i gcomhthéacs na n-oibleagáidí sin a rinne an Coimisiún 'scuab-imscrúdú' i dtús na bliana 2022 ar na Taifid ar Ghníomhaíochtaí Próiseála a bhí ina seilbh ag tríocha eagraíocht, ar fud na hearnála poiblí agus na hearnála príobháidí araon, chun sainaithint a dhéanamh ar shaincheisteanna coitianta a tháinig chun cinn agus ar aon easnaimh a d'fhéadfadh a bheith ann ar an dóigh a ndéantar Taifid ar Ghníomhaíochtaí Próiseála atá ina seilbh ag eagraíochtaí a dhréachtú agus a choimeád. Mar chuid den scuab-imscrúdú, d'iarr an Coimisiún go seolfadh eagraíochtaí de mhéideanna éagsúla,

san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach araon, a dTaifid ar Ghníomhaíochtaí Próiseála chuig an gCoimisiún lena n-athbhreithniú[1]. Bunaithe ar thorthaí

an scuab-imscrúdaithe, ar na fionnachtana ar thángthas orthu trí na taifid a scrúdú agus ar an anailís a rinneadh ar na fionnachtana sin, dhréachtaigh an Coimisiún an treoir thíos. Dréachtaíodh an treoir seo chun cabhrú le heagraíochtaí na hoibleagáidí atá orthu faoi Airteagal 30 a chomhlíonadh. Tá béim ar leith curtha inti ar na cleachtais dhearfacha a sainaithníodh le linn an scuab-imscrúdaithe.

Tarraingíodh aird ar na heasnaimh a sainaithníodh freisin chun cabhrú le heagraíochtaí nithe áirithe a sheachaint.

## Airteagal 30 - Cad a cheanglaítear?

Le hAirteagal 30 GDPR, cuirtear oibleagáid ar rialaitheoirí agus próiseálaithe taifead mionsonraithe a bheith i bhfeidhm acu laistigh dá n-eagraíocht, ar taifead é ina sainaithnítear go cruinn na gníomhaíochtaí a dhéanann an eagraíocht agus ina n-úsáidtear sonraí pearsanta. Mura sainaithnítear na gníomhaíochtaí próiseála iomchuí uile, is féidir go bpróiseálfar sonraí pearsanta ar shlí nach bhfuil i gcomhréir le GDPR. Is féidir go dtabharfaidh sé sin le tuiscint freisin nach bhfuil bearta iomchuí teicniúla agus eagraíochtúla i bhfeidhm chun na sonraí pearsanta atá á rialú nó á bpróiseáil ag eagraíocht a chosaint.

- Foráiltear le hAirteagal 30(1) GDPR go ndéanfaidh gach eagraíocht a phróiseálann sonraí pearsanta, cibé acu mar rialaitheoir sonraí nó mar ionadaí do rialaitheoir sonraí, **taifead a choimeád** ar na gníomhaíochtaí próiseála atá faoina gcúram. Forordaítear le hAirteagal 30(1) nach mór na nithe **uile** seo a leanas a bheith sa taifead sin:

  (a) Ainm agus mionsonraí teagmhála an rialaitheora agus, i gcás inarb infheidhme, ainm agus mionsonraí teagmhála an chomhrialaitheora, ionadaí an rialaitheora agus an Oifigigh Cosanta Sonraí;

[1] Nó, mar mhalairt air sin, a mhíniú cén fáth nach gcoimeádann siad taifid. Bhí roinnt eagraíochtaí díolmhaithe, toisc go bhfuil níos lú ná 250 fostaí acu, toisc nach dóigh gurb é an toradh a bheidh ar an bpróiseáil priacal do chearta agus saoirsí ábhar sonraí, toisc go bhfuil an phróiseáil ócáideach nó toisc nach n-áirítear leis an bpróiseáil catagóirí speisialta sonraí dá dtagraítear in Airteagal 9(1) ná sonraí pearsanta a bhaineann le ciontuithe coiriúla agus cionta dá dtagraítear in Airteagal 10. Níl aon díolúine ann faoin Treoir maidir le Cosaint Sonraí i réimse Fhorfheidhmiú an Dlí.

(b) Críocha na próiseála;

- Cén fáth a mbíonn an eagraíocht ag úsáid na sonraí pearsanta atá i gceist, mar shampla chun párolla a bhainistiú

(c) Cur síos ar na catagóirí ábhar sonraí agus ar na catagóirí sonraí pearsanta;

- Samplaí de chatagóirí ábhar sonraí is ea fostaithe na heagraíochta agus cliaint na heagraíochta araon

- Áirítear le catagóirí sonraí pearsanta mionsonraí teagmhála, stair fostaíochta roimhe, agus taifid sláinte fostaithe

(d) Na catagóirí faighteoirí ar nochtadh na sonraí pearsanta dóibh nó a nochtfar na sonraí pearsanta dóibh, lena n-áirítear faighteoirí i dtríú tíortha nó eagraíochtaí idirnáisiúnta;

- Áirítear leis sin, mar shampla, cuideachta sheachtrach acmhainní daonna atá fochonraithe chun plé le ní inmheánach acmhainní daonna

(e) I gcás inarb infheidhme, aistrithe sonraí pearsanta chuig tríú tír nó chuig eagraíocht idirnáisiúnta, lena n-áirítear an tríú tír nó an eagraíocht idirnáisiúnta sin a ainmniú agus, i gcás aistrithe dá dtagraítear sa dara fomhír d'Airteagal 49(1), na doiciméid maidir le coimircí oiriúnacha;

- Áirítear leis sin faisnéis a aistriú chuig eagraíocht idirnáisiúnta, amhail eagraíocht neamhrialtasach idirnáisiúnta, nó chuig próiseálaí atá lonnaithe lasmuigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE).

(f) Más féidir, na teorainneacha ama atá beartaithe chun catagóirí éagsúla sonraí a léirscriosadh;

- Is dóigh go mbeidh na teorainneacha sin ag brath ar an eagraíocht agus go mbeidh siad leagtha síos le reacht, le beartais inmheánacha nó le treoirlínte tionscail, nó le meascán de gach ceann díobh

(g) Más féidir, cur síos ginearálta ar na bearta slándála teicniúla agus eagraíochtúla dá dtagraítear in Airteagal 32(1)

- Áirítear leis sin, mar shampla, criptiú taifead, rialuithe rochtana, agus oiliúint foirne.

- Mionsonraítear in Airteagal 30(2) GDPR na taifid ar phróiseáil nach mór do phróiseálaithe sonraí nó dá n-ionadaithe iad a choimeád. Áirítear leis sin ceanglas a chur ar ionadaí do phróiseálaí taifead a choimeád ar na catagóirí gníomhaíochtaí próiseála uile a dhéantar thar ceann rialaitheora, ar taifead é ina bhfuil na nithe seo a leanas;

   a) Ainm agus mionsonraí teagmhála an phróiseálaí nó na bpróiseálaithe agus ainm agus mionsonraí teagmhála gach rialaitheora ar thar a cheann atá an próiseálaí ag feidhmiú, agus, i gcás inarb infheidhme, ainm agus mionsonraí teagmhála ionadaí an rialaitheora nó an phróiseálaí agus an oifigigh cosanta sonraí;

   b) Na catagóirí próiseála a dhéantar thar ceann gach rialaitheora;

   c) I gcás inarb infheidhme, aistrithe sonraí pearsanta chuig tríú tír nó chuig eagraíocht idirnáisiúnta, lena n-áirítear an tríú tír nó an eagraíocht idirnáisiúnta sin a ainmniú agus, i gcás

   aistrithe dá dtagraítear sa dara fomhír d'Airteagal 49(1), na doiciméid maidir le coimircí oiriúnacha;

   Más féidir, cur síos ginearálta ar na bearta slándála teicniúla agus eagraíochtúla dá dtagraítear in Airteagal 32(1)

- Ceanglaítear le hAirteagal 30(3) GDPR ar an rialaitheoir na taifid a fhorordaítear le hAirteagal 30 a choimeád 'i scríbhinn, lena n-áirítear i bhfoirm leictreonach'.

- Ceanglaítear le hAirteagal 30(4) GDPR ar an rialaitheoir an taifead a chur ar fáil don údarás maoirseachta (an Coimisiún), arna iarraidh sin.

## Díolúintí ó cheanglais Airteagal 30: Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide

- Foráiltear le hAirteagal 30(5) GDPR d'imthosca áirithe nach bhfuil feidhm ag na hoibleagáidí atá leagtha amach in Airteagal 30(1)-30(4) GDPR iontu. Tá feidhm ag maolú ar na hoibleagáidí, nó ag díolúine ó na hoibleagáidí, in imthosca ina bhfostaíonn eagraíocht níos lú ná 250 duine. Níl feidhm ag an maolú sin, áfach, maidir le próiseáil a bhfuil ceann **ar bith** de na nithe seo a leanas ag baint léi:

a) Is dóigh gurb é an toradh a bheidh ar phróiseáil priacal (agus ní mórphriacal amháin) do chearta agus saoirsí ábhar sonraí. Áirítear leis sin, mar shampla, iarratais ar mhorgáiste a phróiseáil, intleacht shaorga a úsáid, agus suíomh duine aonair a rianú.
b) Próiseáil nach bhfuil ócáideach, amhail próiseáil a bhaineann le hacmhainní daonna nó le pá fostaithe, nó
c) Próiseáil lena n-áirítear catagóirí speisialta sonraí nó sonraí pearsanta a bhaineann le ciontuithe coiriúla agus cionta. Áirítear leis sin grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána, ballraíocht de cheardchumann, nó próiseáil sonraí bithmhéadracha.

- Tá oibleagáid ann Taifead ar Ghníomhaíochtaí Próiseála a choimeád má tá aon cheann ar bith de na cineálacha próiseála sin ar bun. **Ní bhaineann an oibleagáid sin ach amháin leis an gcineál próiseála ar leith nach dtagann faoi raon feidhme an mhaolaithe, áfach**. Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoin bhfeidhm atá ag Airteagal 30 GDPR, díríonn an Coimisiún aird Rialaitheoirí Sonraí agus Próiseálaithe ar an bpáipéar seasaimh ó Mheitheal Airteagal 29 maidir le hAirteagal 30(5), rud ar fhormhuinigh an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí é. Tá an páipéar seasaimh sin ar fáil anseo.

## Taifead ar Ghníomhaíochtaí Próiseála: 'Na Nithe atá le Déanamh' agus 'Na Nithe atá le Seachaint'

### 'Na Nithe atá le Déanamh' ag Eagraíochtaí

### Miondealaigh an Taifead ar Ghníomhaíochtaí Próiseála de réir na bhfeidhmeanna difriúla atá ann laistigh den eagraíocht

Ba cheart Taifid ar Ghníomhaíochtaí Próiseála a bheith **miondealaithe go soiléir** agus a bheith mionsonraithe de réir na n-aonad difriúil gnó nó de réir na bhfeidhmeanna difriúla gnó atá ann laistigh d'eagraíocht, amhail acmhainní daonna, airgeadas nó margaíocht. Cabhraíonn sé sin lena chinntiú nach bhfágfar aon ghníomhaíochtaí próiseála ar lár de thaisme agus an Taifead á chomhlánú. Is féidir é sin a dhéanamh trí tháblaí nó scarbhileoga ar leith a chruthú do gach

aonad gnó laistigh de dhoiciméad nó córas foriomlán um Thaifead ar Ghníomhaíochtaí Próiseála.

- Moltar go ndéanfadh eagraíochtaí cleachtadh léarscáilithe sonraí chun a shoiléiriú cé na sonraí a shealbhaíonn siad agus cén áit a sealbhaíonn siad iad. Ba cheart ról a thabhairt do na haonaid iomchuí ar fud na heagraíochta sa phróiseas sin chun a chinntiú an athuair nach bhfágfar aon rud ar lár.
    - Mar shampla, d'fhéadfadh rialaitheoirí díriú ar fheidhm choitianta gnó amhail acmhainní daonna ar dtús. Is dóigh go mbeidh roinnt críocha difriúla ag an bhfeidhm gnó sin le sonraí a phróiseáil, áit a mbeidh catagóirí difriúla daoine aonair (amhail fostaithe, conraitheoirí agus intéirnigh) i gceist le gach críoch agus a mbeidh roinnt catagóirí sonraí pearsanta (amhail faisnéis sláinte agus sábháilteachta, saoire bhreoiteachta agus mionsonraí párolla) i gceist le gach duine aonair.
    - Moltar go ndíreodh próiseálaithe ar dtús ar gach rialaitheoir dá mbíonn siad ag próiseáil sonraí agus go ndíreodh siad ansin ar na catagóirí difriúla sonraí pearsanta a bhíonn siad ag próiseáil do gach rialaitheoir a mhiondealú.

Mar shampla den dea-chleachtas, agus cé nach bhfuil an Coimisiún ag rá gur cheart Taifead ar Ghníomhaíochtaí Próiseála a chur le chéile ar an modh seo, fuarthas amach sa scuab-imscrúdú a rinne an Coimisiún go gcuireann roinnt eagraíochtaí gach réimse gnó den eagraíocht ar áireamh sa Taifead chun cruinneas a chinntiú agus chun a chinntiú nach bhfágfar aon aonad ná aon fheidhm ar lár. Tharla sé sin fiú amháin i gcás nach bpróiseálann roinnt réimsí gnó aon sonraí pearsanta. Mar shampla eile den dea-chleachtas, agus cé nach bhfuil sé seo oiriúnach do gach eagraíocht, fuair an Coimisiún amach go ndealraíonn sé go measann roinnt eagraíochtaí é a bheith tairbheach an Taifead ar

Ghníomhaíochtaí Próiseála a mhiondealú de réir láithreacha difriúla gnó, i gcás gurb ann do níos mó ná oifig nó craobh amháin den eagraíocht.

## Bain úsáid as an Taifead ar Ghníomhaíochtaí Próiseála mar uirlis chun comhlíonadh phrionsabal na Cuntasachta, mar atá leagtha amach in Airteagal 5 GDPR, a léiriú

Ba cheart a chinntiú go gcuirfear **faisnéis ghráinneach fhiúntach** ar áireamh i dTaifid ar Ghníomhaíochtaí Próiseála. Ciallaíonn sé sin gur cheart mionsonraí sonracha a thabhairt sa Taifead faoi gach catagóir ábhar sonraí, faoi gach catagóir sonraí pearsanta nó faoi gach catagóir gníomhaíochtaí próiseála.

- Mar shampla, is dóigh go mbeidh tréimhsí difriúla coinneála i bhfeidhm, agus iad ag brath ar an gcatagóir sonraí atá i gceist, agus ba cheart an tréimhse coinneála do gach catagóir shonrach a bheith léirithe sa Taifead.

## Cuir faisnéis iomchuí bhreise ar áireamh sa Taifead, de réir mar is cuí

Le linn an scuab-imscrúdaithe, thug an Coimisiún faoi deara go gcuireann a lán eagraíochtaí **faisnéis bhreise** úsáideach nach bhfuil liostaithe go follasach in Airteagal 30 ar áireamh ina dTaifead, mar shampla:

- An bunús dlí do phróiseáil faoi Airteagal 6
- An bunús dlí do shonraí catagóire speisialta a phróiseáil faoi Airteagal 9
- Cé acu a tharla nó nár tharla sárú i leith gníomhaíocht próiseála ar leith
- An sásra aistrithe a mbraitear air agus aistrithe chuig tríú tíortha á liostú agus
- Aon rátálacha riosca a shann an eagraíocht do gach gníomhaíocht próiseála.

Cé gur fiú an fhaisnéis sin a chur ar áireamh, níor cheart neamhaird a thabhairt in am ar bith ar an bhfaisnéis fhorordaithe shonrach atá leagtha amach in Airteagal 30.

Moltar go luafadh eagraíochtaí go sonrach cén fhaisnéis a forordaíodh le hAirteagal 30 agus cén fhaisnéis a cuireadh ar áireamh mar 'fhaisnéis bhreise úsáideach'. Beidh sé sin úsáideach i gcás go mbíonn réimsí difriúla gnó agus fostaithe difriúla ag cur faisnéis isteach sa Taifead. Mar sin, beidh sé soiléir do léitheoir nua cén fhaisnéis atá éigeantach agus cén fhaisnéis a cuireadh leis an Taifead mar fhaisnéis bhreise. Moltar go láidir nach ndéanfaí an fhaisnéis fhorordaithe, mar atá mionsonraithe in Airteagal 30, a cheilt sa Taifead, agus nach mbeadh sí deacair le haimsiú sa Taifead, ná in aon doiciméad eile a

úsáideann eagraíocht chun ceanglais Airteagal 30 a shásamh. Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi sin, féach pointe a trí de liosta na 'Nithe atá le Seachaint' thíos.

## Gnóthaigh tacaíocht ar fud na heagraíochta

Is é atá sa Taifead ar Ghníomhaíochtaí Próiseála ná oibleagáid ar cheart don rialaitheoir sonraí ina iomláine a bheith freagrach as. Moltar nár cheart don Oifigeach Cosanta Sonraí, agus don Oifigeach Cosanta Sonraí amháin, a bheith freagrach as an Taifead a chomhlánú. I gcás gurb é/í Oifigeach Cosanta Sonraí na heagraíochta an t-aon duine amháin a dhéanann an Taifead a ullmhú agus a choimeád, tá seans ann go gcaillfear gníomhaíochtaí próiseála nó nach mbeidh sa Taifead ach cleachtadh comhlíonta ticbhosca. Molann an Coimisiún go stiúrfadh an tOifigeach Cosanta Sonraí an próiseas agus go bhfaighfí ionchur ó na réimsí difriúla den eagraíocht le linn an phróisis. Is ann do bhealaí difriúla inar féidir le heagraíochtaí **tacaíocht a ghnóthú go rathúil ó réimsí difriúla dá n-eagraíocht** agus an Taifead á chomhlánú acu. Seo a leanas roinnt moltaí maidir le conas déanamh amhlaidh:

- D'fhéadfadh eagraíocht dátaí sonracha a leagan síos go hinmheánach le haghaidh an Taifead ar Ghníomhaíochtaí Próiseála a athbhreithniú agus d'fhéadfadh sí iarraidh ar gach réimse den eagraíocht páirt a ghlacadh san athbhreithniú sin. D'fhéadfadh gurbh fhiú an dáta athbhreithnithe sin a sceidealú ag am ag ar dóigh go mbeidh an eagraíocht in ann aird chuí a thabhairt ar an athbhreithniú, mar shampla gan é a dhéanamh le linn tréimhse ghnóthach amhail sa tréimhse díreach roimh an Nollaig.
- Fuair an Coimisiún amach go measann roinnt eagraíochtaí gur fiú sainmhínithe, nó rannáin treorach agus mhíniúcháin, a chur ar áireamh sa Taifead, ar nithe iad is féidir a úsáid chun críocha tagartha. Sampla de sin is ea cineálacha coitianta de ghníomhaíochtaí próiseála, de chatagóirí próiseála nó d'fhaighteoirí próiseála a leagan amach don eagraíocht lena mbaineann. Ar an tslí sin, cabhraítear le daoine san eagraíocht nach n-oibríonn go dlúth le saincheisteanna cosanta sonraí an fhaisnéis a theastaíonn don Taifead a sholáthar go cruinn.
- Ba cheart d'eagraíochtaí úinéirí an phróisis a leagan amach go sonrach, is é sin le rá cén duine laistigh de gach feidhm gnó atá freagrach as an bhfaisnéis a cheanglaítear le hAirteagal 30 a choimeád agus cén duine atá freagrach as an doiciméad a thiomsú go lárnach.

- Is féidir roghchláir anuas a úsáid chun a chinntiú go gcoimeádtar Taifead atá aonfhoirmeach agus comhtháite. Mar sin féin, ba cheart réimsí saorthéacs a chur ar áireamh do gach gníomhaíocht próiseála freisin chun faisnéis chaolchúiseach a thaifeadadh, i gcás nach mbaineann an fhaisnéis sin ach le gníomhaíocht próiseála amháin ar leith.

## Coimeád doiciméad beo

Ba cheart an Taifead ar Ghníomhaíochtaí Próiseála a bheith ina **dhoiciméad beo dinimiciúil**, rud a thugtar cothrom le dáta go leanúnach chun léiriú a thabhairt i gcónaí ar sheasamh reatha

na heagraíochta i ndáil leis an dóigh a bpróiseálann sí sonraí pearsanta. Moltar go ndéanfaí na bearta seo a leanas chun an méid sin a bhaint amach:

- **Ba cheart an Taifead ar Ghníomhaíochtaí Próiseála a athbhreithniú go tráthrialta agus a thabhairt cothrom le dáta de réir mar is gá**.
- Chuige sin, is dóigh go mbeidh Taifead **leictreonach** níos oiriúnaí ná Taifead páipéarbhunaithe d'fhormhór na n-eagraíochtaí, toisc gur féidir é a chur in eagar agus a shábháil go héasca.
- Mar chuid d'oiliúint fostaithe, ba cheart d'aonaid ghnó a bheith ar an eolas gur cheart táirgí nó seirbhísí nua ar gá sonraí pearsanta a phróiseáil ina leith a chur leis an Taifead de réir mar a thugtar isteach iad.
- I gcás gníomhaíochtaí próiseála nach bhfuil ar bun a thuilleadh, moltar go sonrófaí an méid sin sa Taifead beo nó go mbainfí den Taifead iad. Ba cheart cartlann de ghníomhaíochtaí próiseála nach bhfuil ar bun a thuilleadh a choimeád chun críocha cuntasachta, áfach, i gcás gur fearr leis an eagraíocht gníomhaíochtaí den sórt sin a bhaint den Taifead.

## 'Na Nithe atá le Seachaint' ag Eagraíochtaí

## Ná mainnigh an Taifead ar Ghníomhaíochtaí Próiseála a thabhairt cothrom le dáta

Mar atá luaite i rannán na '*Nithe atá le Déanamh*', ba cheart an Taifead ar Ghníomhaíochtaí Próiseála a choimeád mar dhoiciméad dinimiciúil beo. Le linn an scuab-imscrúdaithe, fuair an Coimisiún amach go raibh sé dúshlánach do roinnt eagraíochtaí cóip dá dTaifead a sholáthar laistigh den tréimhse deich lá a

d'iarr an Coimisiún. Níor éirigh le roinnt eagraíochtaí an spriocdháta a leagadh síos a chomhlíonadh. Mar atá luaite thuas, ba cheart an Taifead a choimeád ar bhealach a fhágann go mbeidh sé 'réidh le heisiúint' tráth ar bith.

- Is é an oibleagáid faoi Airteagal 30 ná taifead ar ghníomhaíochtaí próiseála '*a choimeád*' agus '*an taifead a chur ar fáil don údarás maoirseachta, arna iarraidh sin*'. Dá bhrí sin, molann an Coimisiún gur cheart fógra deich lá a bheith dóthanach d'aon eagraíocht sna himthosca uile.
- Ba cheart d'eagraíochtaí a thabhairt faoi deara gur féidir go ndéanfaidh an Coimisiún scuab-imscrúduithe comhlíonta den chineál céanna sa todhchaí. Is féidir go n-iarrfaidh an Coimisiún an Taifead ar Ghníomhaíochtaí Próiseála ó rialaitheoir mar chuid de ghníomhaíochtaí rialála eile freisin, lena n-áirítear bainistíocht fógraí sáraithe, láimhseáil gearán, fiosrúcháin agus imscrúduithe, ach gan a bheith teoranta dóibh.

- Aon eagraíocht nach bhfuil doiciméid den sórt sin ullmhaithe aici, d'fhéadfaí a mheas nach bhfuil GDPR á chomhlíonadh aici
  - Ba cheart a thabhairt faoi deara nach leor teimpléid de Thaifead ar Ghníomhaíochtaí Próiseála ná '*sampla*' de Thaifead ar Ghníomhaíochtaí Próiseála a sholáthar don Choimisiún, toisc gurb é an ceanglas faoi Airteagal 30 ná an Taifead iarbhír a choimeádtar a chur ar fáil don údarás maoirseachta arna iarraidh sin.
- Níor cheart aon tagairt d'fhaisnéis atá as dáta nó atá éagtha a bheith sa Taifead, mar shampla tagairt a rá gurb í an Sciath Phríobháideachais an sásra trína n-aistrítear sonraí pearsanta chuig na Stáit Aontaithe.

## Ná mainnigh dóthain mionsonraí agus gráinneachta a sholáthar

Le linn an scuab-imscrúdaithe, thug an Coimisiún faoi deara nach raibh na Taifid de chuid roinnt eagraíochtaí sách mionsonraithe nó sách gráinneach. Is iad seo a leanas samplaí a tógadh ó na Taifid a fuarthas:

- Maidir leis an gceanglas a bhí ar na heagraíochtaí '*catagóirí sonraí pearsanta*' a liostú, fuair an Coimisiún freagraí inar luadh '*sonraí pearsanta*', '*faisnéis in-sainaitheanta phearsanta*' agus '*freagraí ar cheisteanna*'. Níl na freagraí sin dóthanach ar aon bhealach maidir le cur síos a dhéanamh ar cén fhaisnéis a bhailíonn eagraíocht i ndáiríre, agus ba ghá i bhfad níos mó mionsonraí a thabhairt iontu.

- Maidir leis an gceanglas a bhí ar na heagraíochtaí '*bearta slándála teicniúla agus eagraíochtúla*' a liostú, luaigh eagraíocht amháin go bhfuil *'bearta i bhfeidhm chun slándáil chuí a chinntiú'* agus níor luaigh eagraíocht eile ach *'slándáil chuí'*. Níl na mionsonraí sin dóthanach ach oiread. Luaitear in GDPR gur cheart cur síos ginearálta ar na bearta slándála teicniúla agus eagraíochtúla atá i bhfeidhm ag eagraíocht a chur ar áireamh, más féidir. Thug an Coimisiún treocht faoi deara ina leith sin, áit arb annamh a dhéantar cur síos mionsonraithe ar bhearta slándála teicniúla agus eagraíochtúla sna Taifid de chuid a lán eagraíochtaí. Moltar d'eagraíochtaí cur síos ginearálta a dhéanamh ina dTaifead ar Ghníomhaíochtaí Próiseála ar cé na bearta teicniúla agus eagraíochtúla atá i bhfeidhm.

## Ná coimeád Taifead ar Ghníomhaíochtaí Próiseála nach bhfuil féinmhínitheach

Chun go mbeidh sé oiriúnach don fheidhm, is gá an Taifead ar Ghníomhaíochtaí Próiseála a sholáthraítear don Choimisiún a bheith ina dhoiciméad iomlán féinchuimsitheach, ina liostaítear go soiléir an fhaisnéis ar fad a cheanglaítear le hAirteagal 30. Ní mór Taifid ar Ghníomhaíochtaí Próiseála a bheith féinmhínitheach.

Luaitear an méid seo a leanas in Aithris 82 GDPR:

> Chun comhlíonadh an Rialacháin seo a thaispeáint, ba cheart don rialaitheoir nó don phróiseálaí taifid a choinneáil ar ghníomhaíochtaí próiseála atá faoina chúram. Ba cheart é a bheith d'oibleagáid ar gach rialaitheoir agus próiseálaí comhoibriú leis an údarás maoirseachta agus na taifid sin a chur ar fáil don údarás, arna iarraidh sin dó, le go bhféadfaí é a úsáid chun faireachán a dhéanamh ar na hoibríochtaí próiseála sin.

**Ba cheart na cleachtais seo a leanas a sheachaint**:

- Hipearnasc a dhéanamh chuig doiciméid sa Taifead ar Ghníomhaíochtaí Próiseála, mar fhreagairt do cheanglas chun faisnéis a liostú, i gcás nach féidir na doiciméid sin a rochtain nuair a chliceáiltear orthu. Sampla de sin is ea hipearnasc a dhéanamh chuig sceideal coinneála nach bhfuil ar fáil don Choimisiún nuair a chliceáiltear air toisc go bhfuil an sceideal stóráilte

ar thiomántán inmheánach de chuid na cuideachta. Sampla eile de ní atá le seachaint is ea ráiteas amhail 'de réir an bheartais coinneála' nó 'de réir sceideal coinneála na n-aturnaetha' a thabhairt, gan aon trácht a dhéanamh ar a leagtar amach sna doiciméid sin maidir le tréimhsí coinneála.

  - Fágann sé sin go mbeidh an Taifead easnamhach nó nach mbeidh sé oiriúnach don fheidhm, toisc nach féidir leis an gCoimisiún brath ar an Taifead chun léargas a fháil ar na gníomhaíochtaí próiseála atá ar bun ag an eagraíocht lena mbaineann i gcás nach mbeidh faisnéis den sórt sin ar fáil.

- In ionad Taifead iomlán ar Ghníomhaíochtaí Próiseála a bheith i bhfeidhm, hipearnasc a dhéanamh chuig roinnt doiciméad difriúil nó chuig roinnt foinsí difriúla, nó tagairt a dhéanamh dóibh, chun ceanglais Airteagal 30 a shásamh. Níor cheart an Taifead a bheith róchasta, toisc go dtagann sé sin salach ar chuspóir an doiciméid; is é sin, cabhrú leis an gCoimisiún a fheidhmeanna a chomhlíonadh.
  - I gcás nach bhfuil aon bhonndoiciméad um Thaifead ar Ghníomhaíochtaí Próiseála ann agus go n-ullmhaítear an Taifead píosa ar phíosa, tá baol ann freisin go dtabharfar neamhaird ar ghníomhaíochtaí próiseála. Níor cheart an Taifead a bheith ina dhoiciméad '*uileghabhálach*' ina ndéantar tagairt do dhoiciméid eile. Ina ionad sin, ba cheart dóthain mionsonraí a bheith tugtha ann faoi gach gníomhaíocht próiseála.

- Níor cheart don Choimisiún aon deacracht a bheith aige an fhaisnéis fhorordaithe atá leagtha amach in Airteagal 30 a rochtain; níor cheart aon amhras a bheith air maidir le cé acu a d'ídigh nó nár ídigh sé na foinsí faisnéise uile atá ar fáil; agus níor cheart dó aon iarracht a dhéanamh neamhréireachtaí a réiteach idir píosaí éagsúla faisnéise atá leagtha amach i láithreacha difriúla. Níor cheart d'aon eagraíocht aon sonraí pearsanta a choinneáil 'ar eagla na heagla'. Mar shampla, thug eagraíocht amháin le

  fios ina Taifead go bpróiseálann sí faisnéis pas a cuid ball foirne lena húsáid ina cairt struchtúir eagraíochta, toisc go mbaineann an fheidhm acmhainní daonna úsáid as faisnéis pas.
- Úsáid a bhaint as acrainmneacha nach bhfuil sainmhínithe, i gcás go bhfuil na téarmaí sin coitianta laistigh den eagraíocht atá i gceist ach nach bhfuil an chiall atá leo follasach don Choimisiún. Mar atá luaite, ba cheart

do dhréachtóirí a chuimhneamh gur gá don Choimisiún, mar léitheoir seachtrach, bheith in ann an doiciméad a thuiscint ina iomláine.

- Mura bhfuil eagraíocht in ann a Taifead ar Ghníomhaíochtaí Próiseála a dhoiciméadú, beidh amhras ann faoin tuiscint atá aici ar na críocha ar chucu a dhéanann an eagraíocht sonraí pearsanta a phróiseáil agus a choinneáil agus faoi na bealaí ina bpróiseáiltear sonraí den sórt sin.

## Taifid ar Ghníomhaíochtaí Próiseála le haghaidh Eagraíochtaí Beaga

Mar atá leagtha amach thuas, ní cheanglaítear ar eagraíochtaí beaga áirithe Taifead iomlán ar Ghníomhaíochtaí Próiseála a choimeád mar gheall ar mhéid na heagraíochta. Mar sin féin, beidh ar fhormhór na n-eagraíochtaí gníomhaíochtaí próiseála, amhail feidhmeanna acmhainní daonna agus feidhmeanna párolla, a thaifeadadh. I gcás eagraíochtaí beaga, is féidir go mbeidh scarbhileog shimplí dóthanach chun an Taifead a choimeád. I gcás eagraíochtaí móra nó eagraíochtaí casta, is féidir go roghnóidh an rialaitheoir sonraí úsáid a bhaint as bunachar sonraí coibhneasta nó as ceann amháin den líon mór uirlisí atá ar fáil ó sholáthraithe seirbhíse cosanta sonraí tríú páirtí le haghaidh Taifead ar Ghníomhaíochtaí Próiseála a chur le chéile. Ba cheart an Taifead ar Ghníomhaíochtaí Próiseála a bheith ina thaifead saorsheasaimh ar féidir leis an gCoimisiún é a iarraidh agus amharc air i bhformáid inléite, is cuma cén modh a úsáidtear. Má bhaineann eagraíocht úsáid as bogearraí chun a Taifead a thiomsú, ba cheart go mbeadh sé éasca tuairisc a ghiniúint nuair a iarrtar í.

I gcás eagraíocht bheag, níor cheart cleachtadh trom a bheith i dTaifead ar Ghníomhaíochtaí Próiseála a choimeád. Trí Thaifead a bheith i bhfeidhm aici, beidh eagraíocht bheag in ann na sonraí pearsanta uile a phróiseálann sí, agus na cúiseanna leis an bpróiseáil sin, a léarscáiliú agus a thuiscint. Mar aon lena bheith ina uirlis comhlíonta agus bainistíochta riosca, beidh Taifead ar Ghníomhaíochtaí Próiseála úsáideach maidir le cúnamh a thabhairt do rialaitheoir sonraí sainaithint a dhéanamh ar phróiseáil sonraí pearsanta nach bhfuil riachtanach agus is féidir go mbeidh sé úsáideach maidir le cabhrú lena léiriú d’ábhair sonraí go bhfuil an eagraíocht tiomanta do bheartais chosanta sonraí agus nósanna imeachta cosanta sonraí den dea-chleachtas.

## Samplaí de Thaifid ar Ghníomhaíochtaí Próiseála

Tá an treoir thuas, agus na samplaí atá tugtha, bunaithe ar na Taifid ar Ghníomhaíochtaí Próiseála a soláthraíodh don Choimisiún le linn an scuab-imscrúdaithe a rinne sé i dtús na bliana 2022.

Bhí roinnt samplaí de dhroch-chleachtas le feiceáil i measc na dTaifead ar Ghníomhaíochtaí Próiseála a fuarthas. I gcás eagraíocht amháin a thug freagra ar an scuab-imscrúdú, sholáthair sí roinnt Measúnuithe Tionchair ar Chosaint Sonraí don Choimisiún, á mhaíomh gur chomhlíon na doiciméid sin ceanglais Airteagal 30 GDPR. Ní aontaíonn an Coimisiún leis an maíomh sin. Is taifead saorsheasaimh é an Taifead ar Ghníomhaíochtaí Próiseála, agus é ina uirlis comhlíonta ar cheart don Choimisiún bheith in ann brath air chun léargas cruinn a fháil ar an bpróiseáil sonraí atá ar bun laistigh d'eagraíocht. Is ar an eagraíocht lena mbaineann atá an oibleagáid cuntasachta, agus ba cheart an fhaisnéis a cheanglaítear faoi Airteagal 30 a chur i láthair an údaráis maoirseachta ar shlí a gcabhraíonn le comhlíonadh a léiriú agus a gcabhraíonn leis an údarás maoirseachta na feidhmeanna atá aige faoi Airteagal 31 a chomhlíonadh. Ní inghlactha an rud é a bheith ag súil leis go n-athbhreithneoidh an Coimisiún líon mór doiciméad ar leith ar mhaithe leis an bhfaisnéis a cheanglaítear faoi Airteagal 30 a aimsiú. Ina theannta sin, ní bheadh Measúnú Tionchair ar Chosaint Sonraí ag gabháil le gach gníomhaíocht próiseála. Ní bheadh measúnú den sórt sin ag teastáil do gach gníomhaíocht próiseála ach oiread.

Fuair an Coimisiún a lán dea-shamplaí de dhóthain mionsonraí a bheith á tabhairt i leith Airteagal 30(1)(b) agus (c) – na ceanglais maidir le críocha na próiseála agus maidir le catagóirí sonraí pearsanta. Bhain eagraíocht amháin úsáid as bunachar sonraí coibhneasta chun gníomhaíochtaí próiseála a ghrúpáil de réir aonaid ghnó agus de réir foirne. Bhí an eagraíocht sin in ann an fhaisnéis a chur i láthair i bhformáid scarbhileoige, de réir mar ba ghá. Cé nach bhfuil sé praiticiúil sampla iomlán de Thaifead ar Ghníomhaíochtaí Próiseála a thabhairt laistigh den treoir seo, tá dhá leagan amach fhéideartha ina n-úsáidtear clár scarbhileoige tugtha faoi Chur Chuige A agus faoi Chur Chuige B thíos. Is é atá i gCur Chuige C ná Taifead ar Ghníomhaíochtaí Próiseála nach dtugtar dóthain mionsonraí ann.  Is é atá i dTábla A ná tábla den fhaisnéis a cheanglaítear, rud ina bhfuil samplaí de mhionsonraí atá molta agus de mhionsonraí nach bhfuil dóthanach.

Treoir: Taifid ar Ghníomhaíochtaí Próiseála faoi Airteagal 30 GDPR

**Cur Chuige A: Sampla de Thaifead ar Ghníomhaíochtaí Próiseála atá dea-chomhlánaithe**

<u>**Taifead Cuideachta Gníomhaíochtaí Próiseála**</u>

Rialaitheoir Sonraí: Cuideachta Teoranta
123 Sráid A
Baile Átha Cliath
info@accompany.ii
OCS: David P Other

| TÁ NA COLÚIN GHLASA **ÉIGEANTACH** | | | | | | | | | TÁ NA COLÚIN GHORMA LE COMHLÁNÚ **DE RÉIR MAR A BHAINEANN** | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Uimhir Thagartha | Gníomhaíocht Próiseála | Foghníomhaíocht Próiseála | Úinéir an Phróisis | Críoch na Próiseála | Catagóirí Ábhar Sonraí | Catagóirí Sonraí Pearsanta | Sonraí arna Rochtain ag | Comhrialaitheoir | Aistriú chuig Tríú Tír | Aistriú chuig Eagraíocht Idirnáisiúnta | Coimircí don aistriú | Coinneáil | Bearta Slándála Teicniúla agus Eagraíochtúla | Bunús Dlí | Reachtaíocht | Uimhir Thagartha sa Chlár Rioscaí | Nótaí |
| 1.1 | Párolla Foirne | An líon uaireanta a oibríodh a réiteach | Acmhainní daonna | Pá a ríomh agus ceanglais um Eagrú Ama Oibre | Baill foirne | Ainm<br>Uimhir foirne<br>Uaireanta clogála | Acmhainní daonna | N/B | Níl | N/B | N/B | 7 mBliana<br>(Taifid Airgeadais) | Córas atá cosanta ag pasfhocal<br>Cartlann chriptithe tar éis aon bhliana amháin | Airteagal 6(1)(b) Conradh<br>Airteagal 6(1)(c) Oibleagáid Dhlíthiúil | An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997 | N/B | Córas leictreonach clogála<br>Arna rochtain ag an ábhar sonraí agus ag a b(h)ainisteoir líne le haghaidh gnáthriarachán laethúil (Féach Próiseas 15) |
| 1.2 | Párolla Foirne | Pá Foirne | Acmhainní daonna | Pá Foirne a eisiúint | Baill foirne | Ainm<br>Uimhir Foirne<br>Seoladh<br>UPSP<br>Mionsonraí Bainc<br>Fad Seirbhíse<br>Stádas breoiteachta<br>Asbhaintí | Acmhainní daonna | N/B | Níl | N/B | N/B | 7 mBliana<br>(Taifid Airgeadais) | Córas atá cosanta ag pasfhocal<br>Cartlann chriptithe tar éis aon bhliana amháin | Airteagal 6(1)(b) Conradh | | N/B | |
| 1.3 | Párolla Foirne | Pá Foirne | Cuntais | An banc a ordú baill foirne a íoc | Baill foirne | Ainm<br>Seoladh<br>Mionsonraí cuntas bainc | Cuntais<br>Acmhainní daonna<br>Banc ABC | N/B | Níl | N/B | N/B | 7 mBliana<br>(Taifid Airgeadais) | Criptiú ó cheann ceann | Airteagal 6(1)(b) Conradh | | 6.6 | Beagphriacal go gcuirfidh an banc as do shlándáil sonraí pearsanta |

**Cur Chuige B: Sampla de Thaifead ar Ghníomhaíochtaí Próiseála atá dea-chomhlánaithe**

Treoir: Taifid ar Ghníomhaíochtaí Próiseála faoi Airteagal 30 GDPR

Rialaitheoir Sonraí: Cuideachta Teoranta
123 Sráid A
Baile Átha Cliath
info@accompany.ii
OCS: David P Other

Taifead Cuideachta Gníomhaíochtaí Próiseála

| Uimhir Thagartha | Feidhm gnó | Críoch na Próiseála | Catagóirí Ábhar Sonraí | Sonraí Pearsanta | Faighteoir | Aistriú chuig Tríú Tír/ Eagraíocht Idirnáisiúnta | Coimircí | Coinneáil | Bearta Slándála Teicniúla agus Eagraíochtúla | Bunús Dlí |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 1.1 | Acmhainní daonna | Comhad pearsanta | Baill foirne | Mionsonraí teagmhála | N/B | N/B | N/B | X bliain tar éis fostaíochta | Stóráil chriptithe<br>Córas acmhainní daonna atá cosanta ag pasfhocal | Airteagal 6(1)(b) Conradh |
| 1.2 | Acmhainní daonna | Comhad pearsanta | Baill foirne | Mionsonraí pá | N/B | N/B | N/B | X bliain tar éis fostaíochta | Stóráil chriptithe<br>Córas acmhainní daonna atá cosanta ag pasfhocal | Airteagal 6(1)(b) Conradh |
| 1.3 | Acmhainní daonna | Comhad pearsanta | Baill foirne | Mionsonraí saoire bliantúla | N/B | N/B | N/B | X bliain tar éis fostaíochta | Stóráil chriptithe<br>Córas acmhainní daonna atá cosanta ag pasfhocal | Airteagal 6(1)(b) Conradh |
| 1.4 | Acmhainní daonna | Comhad pearsanta | Baill foirne | Saoire bhreoiteachta | N/B | N/B | N/B | X bliain tar éis fostaíochta | Stóráil chriptithe<br>Córas acmhainní daonna atá cosanta ag pasfhocal | Airteagal 6(1)(b) Conradh |
| 1.5 | Acmhainní daonna | Comhad pearsanta | Baill foirne | Athbhreithniú feidhmíochta | N/B | N/B | N/B | X bliain tar éis fostaíochta | Stóráil chriptithe<br>Córas acmhainní daonna atá cosanta ag pasfhocal | Airteagal 6(1)(b) Conradh |
| 2.1 | Acmhainní daonna | Párolla | Baill foirne | Mionsonraí teagmhála | Na Coimisinéirí Ioncaim | N/B | N/B | X bliain tar éis fostaíochta | Stóráil chriptithe<br>Aistriú criptithe | Airteagal 6(1)(c)<br>Oibleagáid Dhlíthiúil |
| 2.2 | Acmhainní daonna | Párolla | Baill foirne | Mionsonraí bainc | Na Coimisinéirí Ioncaim | N/B | N/B | X bliain tar éis fostaíochta | Stóráil chriptithe<br>Aistriú criptithe | Airteagal 6(1)(c)<br>Oibleagáid Dhlíthiúil |
| 2.3 | Acmhainní daonna | Párolla | Baill foirne | UPSP | Na Coimisinéirí Ioncaim | N/B | N/B | X bliain tar éis fostaíochta | Stóráil chriptithe<br>Aistriú criptithe | Airteagal 6(1)(c)<br>Oibleagáid Dhlíthiúil |
| 2.4 | Acmhainní daonna | Párolla | Baill foirne | Faisnéis pinsin | Na Coimisinéirí Ioncaim | N/B | N/B | X bliain tar éis fostaíochta | Stóráil chriptithe<br>Aistriú criptithe | Airteagal 6(1)(c)<br>Oibleagáid Dhlíthiúil |
| 3.1 | TF | Faisnéis logála isteach a chruthú chun rochtain a chinntiú ar chórais | Fostaithe nua<br>Baill foirne | Ainm | N/B | N/B | N/B | 1 mhí | Cosaint pasfhocail<br>Líon teoranta ball foirne riaracháin a bhfuil rochtain acu | Airteagal 6(1)(f)<br>Leasanna dlisteanacha |
| 3.2 | TF | Faisnéis logála isteach a chruthú chun rochtain a chinntiú ar chórais | Fostaithe nua<br>Baill foirne | Uimhir foirne | N/B | N/B | N/B | 1 mhí | Cosaint pasfhocail<br>Líon teoranta ball foirne riaracháin a bhfuil rochtain acu | Airteagal 6(1)(f)<br>Leasanna dlisteanacha |
| 3.3 | TF | Faisnéis logála isteach a chruthú chun rochtain a chinntiú ar chórais | Fostaithe nua<br>Baill foirne | Suíomh foirne | N/B | N/B | N/B | 1 mhí | Cosaint pasfhocail<br>Líon teoranta ball foirne riaracháin a bhfuil rochtain acu | Airteagal 6(1)(f)<br>Leasanna dlisteanacha |
| 3.4 | TF | Faisnéis logála isteach a chruthú chun rochtain a chinntiú ar chórais | Fostaithe nua<br>Baill foirne | Seoladh ríomhphoist foirne | N/B | N/B | N/B | 1 mhí | Cosaint pasfhocail<br>Líon teoranta ball foirne riaracháin a bhfuil rochtain acu | Airteagal 6(1)(f)<br>Leasanna dlisteanacha |
| 3.5 | TF | Faisnéis logála isteach a chruthú chun rochtain a chinntiú ar chórais | Fostaithe nua<br>Baill foirne | Dáta tosaithe | N/B | N/B | N/B | 1 mhí | Cosaint pasfhocail<br>Líon teoranta ball foirne riaracháin a bhfuil rochtain acu | Airteagal 6(1)(f)<br>Leasanna dlisteanacha |

Treoir: Taifid ar Ghníomhaíochtaí Próiseála faoi Airteagal 30 GDPR

**Cur Chuige C: Sampla de Thaifead ar Ghníomhaíochtaí Próiseála nach dtugtar dóthain mionsonraí ann**

Taifead Scoile Gníomhaíochtaí Próiseála

Rialaitheoir Sonraí: Cuideachta Teoranta
123 Sráid A
Baile Átha Cliath
info@accompany.ii
OCS: David P Other

| Uimhir Thagartha | Gníomhaíocht Próiseála | Úinéir an Phróisis | Críoch na Próiseála | Catagóirí Ábhar Sonraí | Catagóirí Sonraí Pearsanta | Sonraí arna Rochtain ag | Comhrialaitheoir | Aistriú chuig Tríú Tír | Aistriú chuig Eagraíocht Idirnáisiúnta | Coimircí don aistriú | Coinneáil | Bearta Slándála Teicniúla agus Eagraíochtúla | Bunús Dlí | Nótaí |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 1 | Clárú Mac Léinn | Scoil | Clárú Mac Léinn | Mac Léinn/ Tuismitheoir/ Caomhnóir | Sonraí Pearsanta | Scoil/Bord Oideachais agus Oiliúna/An Roinn Oideachais | N/B | Tá | | Comhaontú le Próiséalaí | De réir bheartas na Roinne Oideachais | | Oibleagáid Dhlíthiúil | Sonraí arna bpróiseáil ag Cuideachta XYZ, Stáit Aontaithe Mheiriceá |
| 2 | Acmhainní daonna | Scoil | Acmhainní daonna | Baill Foirne/ Oibrithe Deonacha | Sonraí Pearsanta Sonraí Catagóire Speisialta | Príomhoide | N/B | Níl | N/B | N/B | De réir an bheartais coinneála | | Oibleagáid Dhlíthiúil<br><br>Leasanna Dlisteanacha | |
| 3 | Tuairisc chuig TUSLA | Scoil | Tuairisc Éigeantach | Gach ceann | Sonraí Pearsanta Catagóire Speisialta | TUSLA | Tá | Níl | N/B | N/B | De réir bheartas na Roinne Oideachais agus na Roinne Sláinte | | Oibleagáid Dhlíthiúil<br><br>Leasanna Dlisteanacha | |
| 4 | Duillíní Ceada | Scoil | Cead turais agus spóirt | Mac Léinn | Sonraí Pearsanta | Scoil | N/B | Níl | N/B | N/B | Beartas an Bhoird Oideachais agus Oiliúna | | Leas Dlisteanach | |

An Coimisiún um Chosaint Sonraí
Data Protection Commission

Treoir: Taifid ar Ghníomhaíochtaí Próiseála faoi Airteagal 30 GDPR

An Coimisiún um Chosaint Sonraí
Data Protection Commission

| Ceanglas | Cineál Ceanglais | Sampla A | Sampla B | Sampla de Mhionsonraí nach bhfuil Dóthanach | Moladh |
|---|---|---|---|---|---|
| Ainm agus mionsonraí teagmhála an rialaitheora | Riachtanach | Cuideachta shamplach<br>Foirgneamh, Bóthar, Baile, Contae, Éirchód<br>045 XXX XXX<br>eolas@cuideachtashamplach.ie | Cuideachta shamplach<br>Baile, Contae, Éirchód<br>045 XXX XXX<br>eolas@cuideachtashamplach.ie | John.doe@cuideachtashamplach.ie | Tá mionsonraí teagmhála iomlána an rialaitheora le soláthar.<br>Moltar gan seoladh ríomhphoist pearsanta a úsáid de bharr athruithe pearsanra. |
| Ainm agus mionsonraí teagmhála na gcomhrialaitheoirí | Má bhaineann | | N/B | | |
| Ainm agus mionsonraí teagmhála ionadaí an rialaitheora | Má bhaineann | | N/B | | |
| Ainm agus mionsonraí teagmhála an Oifigigh Cosanta Sonraí | Riachtanach | John Doe<br>ocs@cuideachtashamplach.ie<br>045 XXX XXX | Cuideachta sheachtrach oifigeach cosanta sonraí<br>ocs@cuideachtashamplach.ie<br>CuideachtaShamplachOCS@externalcompany.ie | John.doe@externalcompany.ie | Tá mionsonraí teagmhála iomlána an Oifigigh Cosanta Sonraí le soláthar. Má úsáidtear Oifigeach Cosanta Sonraí seachtrach, tá soiléire le tabhairt agus tá mionsonraí iomlána le soláthar |
| Críocha na próiseála | Riachtanach | Acmhainní Daonna—Párolla | Nochtaí Cosanta<br>Nochtaí Cosanta a fháil agus a imscrúdú | Acmhainní daonna | Ba cheart críoch na próiseála a bheith gráinneach go leor chun nach bpróiseáiltear ach na sonraí pearsanta a theastaíonn |
| Cur síos ar na catagóirí ábhar sonraí | Riachtanach | Baill foirne shealadacha<br>Baill foirne bhuana | Nochtóir faisnéise<br>Aon daoine atá ainmnithe sa nochtadh<br>Finnéithe<br>Aon duine eile a sainaithníodh le linn imscrúdaithe | Gach ceann | Moltar na catagóirí difriúla ball foirne, nó na cineálacha difriúla úsáideoirí seirbhíse, custaiméirí, custaiméirí féideartha, etc., a scaradh ó chéile nuair is iomchuí do chineálacha difriúla gníomhaíochta próiseála. Is féidir go n-áireofar le catagóirí ábhar sonraí sainaithint a dhéanamh ar cén áit a bhfuil sonraí duine shoghonta le próiseáil |
| Cur síos ar chatagóirí sonraí pearsanta | Riachtanach | Ainm, uimhir fostaí, UPSP, láthair, uaireanta a oibríodh, luach saothair, mionsonraí bainc an fhostaí, faisnéis saoire, asbhaintí | Ainm, aitheantas fostaí, mionsonraí teagmhála pearsanta, mionsonraí teagmhála oibre<br>Is féidir go mbeidh catagóirí breise sonraí pearsanta ag teastáil, ag brath ar | Sonraí pearsanta | Ba cheart na sonraí iarbhír a próiseáladh a thaifeadadh |
| Catagóirí faighteoirí ar nochtadh na sonraí pearsanta dóibh nó a nochtfar na sonraí pearsanta dóibh | Riachtanach | Na Coimisinéirí Ioncaim, banc an fhostaí, an Roinn Coimirce Sóisialaí (de réir mar is gá) | Ar bhonn cás ar chás:<br>An Coimisinéir um Nochtadh Cosanta<br>An Garda Síochána nó údaráis iomchuí eile forfheidhmithe dlí, má aimsítear cionta<br>Comhairleoirí dlí<br>Ceanglaítear tuarascáil anaithnidithe a fhoilsiú gach bliain | Inmheánach | Ba cheart don rialaitheoir sonraí a bheith ar an eolas faoi cé na daoine a gcomhroinnfear sonraí pearsanta leo agus bheith in ann an t-eolas sin a léiriú |
| Teorainneacha ama le haghaidh na catagóirí difriúla sonraí a léirscriosadh | Más féidir | | 7 mbliana tar éis iad a úsáid, agus iad á gcartlannú in áit shlán tar éis aon bhliana amháin | De réir an bheartais coinneála | Ba cheart mionsonraí a chur ar áireamh, má tá siad ar fáil |
| Cur síos ginearálta ar na bearta teicniúla agus eagraíochtúla dá dtagraítear in Airteagal 32(1) | Más féidir | | Córas slán tuairiscithe de bhun an Achta um Nochtadh Cosanta (Leasú), 2022<br>Úsáidtear leis an gcóras údarú dhá fhachtóir | Comhlíontar GDPR | Tugann sé seo deis chun a léiriú cé na bearta a dhéantar chun slándáil na próiseála sonraí pearsanta a dhéantar a chinntiú |
| Sonraí pearsanta a nochtadh nó a aistriú ar shlí eile chuig tríú tír nó chuig eagraíocht idirnáisiúnta | | | N/B | | |
| Catagóirí faighteoirí i dtír/eagraíocht eile ar nochtadh na sonraí pearsanta dóibh nó a nochtfar na sonraí pearsanta dóibh | Riachtanach | N/B | N/B | | |
| Ainm na tíre nó na heagraíochta idirnáisiúnta | Riachtanach | N/B | N/B | | |
| Na doiciméid maidir le coimircí oiriúnacha i gcás aistrithe Airteagal 49(1) | Má bhaineann | N/B | N/B | | |
| Bunús dlí | Molta | Airteagal 6(1)(b) agus (c)<br>Airteagal 9(2)(b) | Airteagal 6(1)(c)<br>An tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014<br>An tAcht um Nochtadh Cosanta (Leasú), 2022 | Airteagal 6 | |

**I gcás gach iontrála ar an Taifead ar Ghníomhaíochtaí Próiseála, más mian leis an rialaitheoir sonraí nasc a dhéanamh chuig doiciméid eile rialachais chun comhlíonadh a léiriú ar shlí níos fearr, nó chun soiléire a thabhairt, ba cheart do na naisc obair lasmuigh de thimpeallacht TF an rialaitheora sonraí nó ní mór na doiciméid bhreise a sholáthar don Choimisiún i gcomhthráth leis an Taifead ar Ghníomhaíochtaí Próiseála, má iarrtar.**